

RABHADH

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar nó mura gcuirtear,
caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduithe anseo



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

ROINN 1 – FILLTEÁN

DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.00

ROINN 1 (60 MARC)

Caithfear tabhairt faoi **GACH** ceist.


Tá rogha agat *laistigh* de 3 cheist.

Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar
ais le do fhreagarleabhar.

Mura gcuireann tú, caillfidh tú marcanna.

1. SCREAMH AN DOMHAIN

Taispeánann an léarscáil cuid de na teorainneacha atá ag plátaí screimhe an domhain.




Cuir ciorcal thart ar an **rogha** cheart i ngach ceann de na ráitis thíos.

- (a) Is é an limistéar scáthlínithe ná **Iomaire Mór an Aigéin Chiúin / Fáinne Tine an Aigéin Chiúin**.
- (b) Glaotar an t-ainm sin ar an limistéar scáthlínithe mar tá a lán **bolcán / tinte foraoise** ann.
- (c) Taispeánann an léarscáil go ndéanann na plátaí screimhe **imbhualadh / scaradh** feadh a lán den limistéar scáthlínithe.

2. OBAIR NA N-AIBHNEACHA

Sa léaráid taispeántar ceithre ghné abhann atá lipéadaithe A-D.


Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil **gach** litir faoi seach sa **léaráid** leis an ngné cheart atá ar an liosta sa tábla. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.



Gné	Litir
Deilt	C
Lúbloch	
Tréig-abhainn	
Leibhé	

3. OLLGHLUAISEACHT

Taispeánann na léaráidí cineál ollghluaiseachta.



Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach ceann de na ráitis thíos.

(i) Is é atá sa phróiseas a thaispeántar ná:

ithirthéaltú ☐ sciorradh talún ☐

(ii) Tá an cineál ollghluaiseachta a thaispeántar:


tapaidh ☐ mall ☐

(iii) Is é is dóichí ná go dtarlaíonn an cineál seo ollghluaiseachta:

ar thaobh locha chiúin ☐ ar chósta stoirmeach ☐

4. ITHIR

Sa léaráid taispeántar Ithirphróifil:



(a) Cuir ciorcal thart ar an **rogha** cheart i ngach ceann de na ráitis (i) agus (ii).

(i) Is é atá sa léaslíne lipéadaithe X ná **léaslíne A / léaslíne B / léaslíne C**

(ii) De ghnáth bíonn an cruachiseal **tréscaoilteach / neamhscagach**

(b) Déanann an próiseas lipéadaithe Z cothaitheigh plandaí a scuabáil síos tríd an ithir.

Ainmnigh an próiseas seo _____

5. AOLCHLOCH

Sa ghrianghraf taispeántar aolchloch atá síonchaite.




Cuir ciorcal thart ar an **rogha** cheart i ngach ceann de na ráitis thíos:

- (i) Is é a ghlaotar ar an aolchloch shíonchaite seo ná *cosán aolchloiche / pábháil aolchloiche*
- (ii) Cruthaítear an ghné seo ag *síonchaitheamh ceimiceach / síonchaitheamh meicniúil*
- (iii) Is féidir sampla den ghné seo a fháil sa
Bhoireann, Co. an Chláir / i gClochán na bhFomhórach, Co. Aontrama

6. AIMSIR

Scrúdaigh na graif bhliantúla teochta agus frasaíochta ó Dhairbhre, Co. Chiarraí.



- (i) De réir an chairt aimsire, cé acu mí is fuaire i nDairbhre? _____
- (ii) Ríomh an teochtraon bliantúil i nDairbhre _____.
- (iii) Luaigh an fhrasaíocht i milliméadair do mhí na Samhna _____.

7. IMIRCE DAOINE

Sa tábla thíos taispeántar tosca brú, tosca tarraingthe agus bacainní ar imirce daoine.

Cogadh agus míshocracht	Fáil ar phoist mhaithe	Dlíthe inimirce Rialtais
Ardchostas taistil	Saol sóisialta leamh	Súil le tithíocht mhaith

Bain úsáid as mír ón tábla chun gach ceann de na ráitis seo a leanas a chomhlánú.

- (i) Is sampla de thoisc tharraingthe é _____
- (ii) Is sampla de thoisc bhrú é _____
- (iii) Is sampla de bhacainn ar imirce é _____

8. TAILTE A TUGADH CHUN MÍNTÍREACHAIS

Cuir ciorcal thart ar an **rogha** cheart i ngach ceann de na ráitis thíos:

- (i) Is é a thugtar ar thailte a gabhadh ón bhfarraige ná **poldair / murlaigh**.
- (ii) Is é a thugtar ar iomairí de thalamh ard a scarann tailte míntírithe ó na cladaigh atá ann faoi láthair ná **díoga draenála / cladáin**.
- (iii) Tá mórán talún gafa ón bhfarraige ag **An Ísiltír / Mailí**.

9. DLÚIS DAONRA

Tá **ceann amháin** de na ráitis thíos ceart.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

I measc na n-áiteanna ina bhfuil dlúis daonra íseal:

tá Baile Átha Cliath agus bíonn easpa spásanna oscailte iontu

☐

tá Hong Cong agus bíonn easpa uisce ghlan iontu

☐

tá Calcúta agus bíonn na rátaí pósta íseal iontu

☐

tá cuid d'Iarthar na hÉireann agus bíonn iontu roinnt talún talmhaíochta tréigthe.


☐

10. RÁTAÍ COIRIÚLACHTA

Taispeánann an tábla na rátaí coiriúlachta i roinnt contaetha in Éirinn.

Contae	Coireanna in aghaidh 1000 daonra
Ceatharlach	12
Corcaigh	22
An Clár	7
Laois	8
Luimneach	23
Sligeach	11
Tiobraid Árann	10
Port Láirge	10
Loch Garman	15

Bain úsáid as na figiúirí ón tábla chun an graf thíos a chomhlánú.



11. IASCAIREACHT

Sa tábla taispeántar gabháil na dTrosca a tugadh i dtír in Éirinn.

Bliain	1998	2000	2002	2004
Tonaí na dTrosca	5,294	2,928	2,503	1,256

Cuir ciorcal thart ar an **rogha** cheart i gcodanna (i) agus (ii) agus comhlánaigh cuid (iii).


(i) Taispeánann na figiúirí go bhfuil gabháil na dTrosca ag **méadú / titim**.

(ii) Tá na stoic éisc ag titim de bharr **ró-iascaireachta / tearc-iascaireachta**.

(iii) Ríomh an difríocht idir 1998 agus 2004 _____.

12. MNÁ I BHFOSTAÍOCHT

Taispeánann an léaráid céatadán na bpostanna ag leibhéil dhifriúla a líontar ag fir agus mná i monarcha i dtuaisceart na hEorpa.



Bain úsáid as an graif chun a fháil amach cé acu cinn de na ráitis seo a leanas atá fíor.

1. Líonann na fir an chuid is mó de na poist i meánbhainistíocht agus in ardbhainistíocht.
2. Is mná iad trian de na hoibrithe oilte.
3. Tá céatadán níos mó d'fhir i meánbhainistíocht ná mar atá de mhná i measc foireann na hoifige.
4. Le haghaidh gach oibrí fireann bialainne tá níos mó ná triúr oibrithe baineanna bialainne.
5. Déanann na mná formhór na jabanna ísealioncaim.

Is iad na ráitis atá fíor ná:

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

1, 2, 5 ☐

2, 3, 4 ☐


1, 4, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

FREAGAIR 13A NÓ 13 B

13A. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA

Sna píchairteacha lipéadaithe **A** agus **B** taispeántar céatadáin na ndaoine a oibríonn i ngníomhaíochtaí príomhúla, tánaisteacha agus treasacha i dtír *fhorbartha* agus i dtír *i mbéal forbartha*.



Bain úsáid as na píchairteacha chun na ceistanna thíos a fhreagairt.


- (i) Ríomh an céatadán daoine a oibríonn i ngníomhaíochtaí príomhúla i dtír **A** _____
- (ii) Cé acu píchairt – **A** nó **B** – a sheasann don tír *fhorbartha*? _____
- (iii) Cé acu díobh seo a leanas atá ina tír *i mbéal forbartha*: An Ghearmáin nó Mailí _____

NÓ

13B. CAIDREAMH IDIR AN TUAISCEART AGUS AN DEISCEART

Déanann an cartún tagairt don chaidreamh idir an Tuaisceart (an Chéad Domhan) agus an Deisceart (an Tríú Domhan).

Seasann an duine ar an taobh clé den chartún don Tuaisceart.



Cé acu de na teachtaireachtaí thíos is fearr a thugtar ag an gcartún?

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Tugann an Tuaisceart a lán cúnamh don Deisceart.

☐

Tá an Deisceart buíoch as an gcúnamh a fhaigheann sé ón Tuaisceart.

☐

Tógann an Tuaisceart níos mó airgid ón Deisceart ná mar a thugann sé don Deisceart.

☐

Tá an Deisceart níos fearr as de bharr a chuid caidrimh leis an Tuaisceart.

☐

FREAGAIR 14A NÓ 14B


14A. TIMTHRIALL AN UISCE

Déanann an ceithre ráiteas thíos tagairt do *thimthriall an uisce*.

1. Déanann an ghrian _____ ar uisce na farraige agus athraíonn sé ina ghás é ar a nglaothar gal uisce.
2. Éiríonn an ghal uisce agus fuaraíonn sí. Déanann sí _____ i mbraoiníní beaga agus déantar scamall astu.
3. An toradh a bhíonn ar fhuarú breise ná _____ (báisteach, cloch shneachta, flichshneachta, sneachta 7rl).
4. Cuireann na haibhneacha agus maosghluaiseacht an chuid is mó den uisce ar ais san fharraige.


Bain úsáid as an bhfocal atá in easnamh i ngach ráiteas chun an crosfhocal thíos a chomhlánú.

Tá focal amháin den chrosfhocal líonta isteach duit.



14B. FUINNEAMH

Taispeánann an léarscáil cuid den Mheánoirthear.




Bain úsáid as an léarscáil chun na ceistanna seo a leanas a fhreagairt:

- (i) Ainmnigh an tír lipéadaithe X _____
- (ii) Ainmnigh an fhoinsé fuinnimh a luaitear tír X leí _____
- (iii) An bhfuil an cineál fuinnimh a luaitear le tír X inathnuaite nó neamh-inathnuaite?

15A. STRUCHTÚR DAONRA

Sa léaráid taispeántar pirimid daonra na hÉireann don bhliain 2006.



Bain úsáid as pirimid an daonra chun a thaispeáint cé acu cinn de na ráitis atá fíor.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

- Is 4% den daonra iad na leanaí go léir faoi aois a ceathair.
- Is é an t-aoisghrúpa leis an líon is mó daoine ann ná aoisghrúpa 25-29.
- Tá claonadh ann go maireann baineannaigh níos faide ná fireannaigh.
- Tá céatadán na mbuachaillí agus céatadán na gcailíní gar do bheith cothrom san aoisghrúpa 10-14.
- Is 20% den daonra iomlán iad déagóirí (aois 10-19).

Is iad na ráitis cearta ná:

1, 2, 4 ☐

2, 3, 4 ☐

1, 3, 5 ☐

2, 4, 5 ☐


NÓ

15B. GNÉITHE DEN DAONRA

Meaitseáil gach ceann de na litreacha i gColún X leis an uimhir is leathphéire di i gColún Y.
Tá péire amháin déanta duit.

Colún X		Colún Y		X	Y
A	Laghdú nádúrtha	1	Meánlíon na ndaoine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh	A	3
B	Dlús daonra	2	Líon na mbeobhreitheanna in aghaidh 1000 daonra i mbliain	B	
C	Tobmhéadú daonra	3	Nuair atá an ráta báis níos mó ná an ráta beireatais	C	
D	Ráta beireatais	4	Fás an-tapaigh sa daonra	D	

16. AN FHEIRMEOIREACHT MAR CHÓRAS



Taispeánann an léaráid gur córas í feirm, le hionchuir, próisis agus aschuir.


Taispeánann sí chomh maith go bhféadann aschuir áirithe feirme a bheith mar ionchuir feirme **freisin**.

Sa bhosca roghnachais thíos, tarraing ciorcail thart ar **thrí mhír**, ar féidir le gach ceann díobh a bheith ina ionchur feirme **chomh maith le** bheith ina aschur feirme.

<i>aoileach beithíoch</i>	<i>treabhadh</i>	<i>gamhna</i>	<i>spraeáil</i>
<i>leasú tacair</i>	<i>tarracóirí</i>	<i>baint an fhómhair</i>	<i>sadhlas</i>
<i>bleánlanna bainne</i>	<i>bainne</i>	<i>foirgnimh feirme</i>	<i>talamh</i>

17. FÁS UIRBEACH

Sa léaráid taispeántar fás Bhaile Átha Cliath.



an 20ú hAois
an 19ú hAois
an 18ú hAois
an 13ú go dtí an 17ú hAois
Thuaidh
Theas

Bain úsáid as an léarscáil agus as míreanna ón tábla thuas chun an t-alt thíos a chomhlánú.

Taispeánann an léarscáil gur fhás Baile Átha Cliath amach ó lonnaíocht Lochlannach a d'fhorbair

ar an dtaobh _____ d'abhainn na Life. Leathnaigh sé go dtí an Balla Theas sa

_____ haois. Bhí an tréimhse is tapúla fáis ag Baile Átha Cliath sa _____ haois.

18. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Déan staidéar ar an léarscáil shuirbhéireacht ordanáis a thugtar leis seo.

An t-achar *iomlán* a thaispeántar sa léarscáil seo ná:

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

12 chiliméadar cearnach ☐

9 gciliméadar cearnach ☐

21 ciliméadar cearnach ☐

108 ciliméadar cearnach ☐

19. LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Déan staidéar ar léarscáil na suirbhéireachta ordanáis a thugtar leis seo.

Sna boscaí atá ann dóibh, meaitseáil gach ceann de na tagairtí eangaí i gcolún **X** leis an uimhir is leathphéire di i gcolún **Y**. Tá péire amháin déanta duit.

Colún X	
A	M 302 252
B	M 376 227
C	M 365 304
D	M 324 246

Colún Y	
1	Coillearnaigh nádúrtha
2	Stáisiún traenach
3	Láithreán campála
4	Lios

X	Y
A	2
B	
C	
D	

20. AERFÓTAGRAF

Déan staidéar ar an aerfótagraf de chathair na Gaillimhe a thugtar leis seo.

Is é atá san fhótagraf seo ná:

Fótagraf ceartingearach a dhíríonn síos díreach ar an gcathair.

☐

Fótagraf sceabhach a dhíríonn síos ar an gcathair ar fiar.

☐

Cuir tic(✓) sa bhosca ceart.

Leathanach Bán